

Soineann nó Doineann?

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin drochaimsir atá le teacht go hÉirinn. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad is brí leis na focail sa teideal?
2. Conas mar atá an aimsir inniu?
3. Cad is brí leis an seanfhocal: is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin?



Ceist 2

Féach tú féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. foláireamh aimsire dearg _____
2. tuar _____
3. drochléargas _____
4. na húdaráis áitiúla _____
5. ábhar grin _____
6. tona _____
7. seirbhísí iompair _____
8. foscadh _____
9. soláthar uisce _____
10. beithígh _____

Anois, breathnaígh ar an tuairisc le feiceáil an gcuideoidh sé sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigh na focail leis an teagascóir.

Ceist 3

Cuir na focail sna teidil thíos san ord ceart agus déan cibé athrú is gá orthu chun na teidil chearta a chumadh.

(An) (Comhordú) (Grúpa) (Náisiúnta) (Éigeandáil)

(Éire) (Bonneagar) (Iompar)

(um) (Easpa) (Feidhmeannacht) (Daoine) (ar) (Dídine)

(An) (Rialtais) (Tithíocht), (Pleanáil) (agus) (tAire) (Áitiúil)

Féach ar an tuairisc den dara huair agus seiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 4 Féach ar an tuairisc arís. Pléigh an méid a thuig tú leis an duine in aice leat.

Ceist 5 ‘...céad leaba á gcur ar fáil...’

1. An féidir leat an síneadh fada a mhíniú sa sampla thuas?
2. Féach ar na samplaí seo thíos anois. Bain amach na lúbíní agus cuir an fhoirm cheart den bhriathar sna bearnaí.
 - Bhí an caife á (ól) _____ ag na mná nuair a tharla an eachtra.
 - Tá na litreacha á (cuir) _____ sa phost aici anois.
 - Tá an corp á (tóraigh) _____ i Séipéal Naomh Pádraig inniu.
 - Is mór an trua nach feoil atá á (ith) _____ againn faoi láthair.
 - Tá an fhuinneog á (glan) _____ ag an bhfear.

Ceist 6 ‘...a chur...’

Cad é an difríocht idir ‘a chuir’ agus ‘a chur’? Cuir an dá shampla in abairtí lena mbrí a léiriú.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Ceist 2

1. foláireamh aimsire dearg	<i>red weather alert</i>
2. tuar	<i>forecast</i>
3. drochléargas	<i>poor visibility</i>
4. na húdaráis áitiúla	<i>the local authorities</i>
5. ábhar grin	<i>grit matter</i>
6. tona	<i>ton</i>
7. seirbhísí iompair	<i>transport services</i>
8. foscadh	<i>shelter</i>
9. soláthar uisce	<i>water supply</i>
10. beithígh	<i>beasts, cows, horses</i>

Ceist 3

An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála
Bonneagar Iompair Éireann
Feidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine
An tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Ceist 4

Féach an script.

Ceist 5

1. Tá dhá chiall ag baint le ‘á + ainm briathartha’:
 - a. Úsáidtear é mar nach féidir forainm a chur tar éis ainm briathartha sa Ghaeilge. i. ní féidir ‘ag déanamh + é’ a rá sa Ghaeilge, mar sin is é ‘á dhéanamh’ an Ghaeilge atá ar ‘doing it’.
 - b. Úsáidtear an struchtúr seo freisin mar fhaí chéasta (*passive voice*). Mar shampla, ‘Tá sé á dhéanamh (aige)’ = *It is being done (by him)*.

Is é an dara struchtúr seo atá i gceist sa sampla ‘Tá céad leaba á gcur’ (*a hundred beds are being made available*) atá le fáil sa mhír nuachta seo.

2. Tá na rialacha a bhaineann le ‘á’ cosúil leis na rialacha a bhaineann leis an aidiacht shealbhach sa chaoi is go gcuirtear séimhiú nó urú ar an ainm briathartha, ag brath ar inscne agus uimhir an ainmfhocail a thagann roimhe. Mar shampla:
dinnéar (firinscneach, uimhir uatha) á dhéanamh,
obair (baininscneach, uimhir uatha) á déanamh,
scrúduithe (uimhir iolra) á ndéanamh.

Bhí an caife á **ól** ag na mná nuair a tharla an eachtra.
Tá na litreacha á **gcur** sa phost aici anois.
Tá an corp á **thórramh** i Séipéal Naomh Pádraig inniu.
Is mór an trua nach feoil atá á **hithe** againn faoi láthair.
Tá an fhuinneog á **glanadh** ag an bhfear.

Ceist 6

a chuir – is é an aimsir chaite den bhriathar **cuir** é sin. Mar shampla: *Sin é an t-airgead a chuir mé i mo phóca.*

a chur – is é an t-ainm briathartha den bhriathar **cuir** é. Mar shampla: *Caithfidh tú an t-airgead a chur i do phóca.*

Eimear Ní Chonaola

Deir Oifig na hAimsire gur dóigh go n-eiseofar foláireamh dearg aimsire in oirthear na tíre níos deireanaí an tseachtain seo, agus an sneachta is troime ó 1982 geallta sa taobh sin tíre ó lár na seachtaine amach. Bhí cruinniú ag an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála inniu le cúrsaí aimsire a phlé.

Peadar Mac Gaoithín

Sneachta agus stoirmeacha chomh hólc ná níos measa fiú ná drochaimsir na bliana 1982 atá á dtuar¹ ag Met Éireann ó lár na seachtaine amach. Tá foláireamh oráiste i bhfeidhm d'oirthear na tíre, ach d'fhéadfadh sé ardú go dearg a deir siad, le sneachta trom agus drochléargas ar bhóithre.

Ferdia Mac Crann, Met Éireann

Déardaoin, b'fhéidir an lá is measa den tseachtain, lá gaofar le coinníollacha² stoirmiúla uaireanta agus sruthanna³ sneachta fiú amháin. Fanfaidh sé fuar le teochtaí⁴ lae timpeall náid céim arís.

Peadar Mac Gaoithín

An bhfuil na húdaráis áitiúla agus na seirbhísí ar fud na tíre seo, na seirbhísí iompair mar shampla, an bhfuil siad réidh? An bhfuil siad ullamh?

Seán Hogan, An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála

Oh tá, tá *salt* acu, tá siad ag déanamh na mbóithre, na príomhbhóithre, tá a fhios agat, níl siad ag déanamh gach aon bhóthair, mar ní féidir leo, ach tá siad, agus tá na *trucks* ann, tá na *slow ploughs* ann. Ach beidh deacracht⁵ ann nuair a thagann an sneachta gan dabht.

Peadar Mac Gaoithín

Deir Bonneagar Iompair Éireann gur 30,000 tona d'ábhar grin a leagadh ar bhóithre na tíre le linn an tsneachta mhóir in 2010. Deir siad go bhfuil cúig oiread, nó 120,000 tona d'ábhar grin ar fáil an uair seo le leagan⁶ ar bhóithre na tíre, má bhíonn gá leis. Tá os cionn céad leaba sa bhreis á gcur ar fáil do dhaoine a bhíonn ina gcodladh amuigh i mBaile Átha Cliath.

Darach Ó Conchubhair, Feidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine

Má tá⁷ aon eolas ag aon duine, ar dhaoine a bhfuil...ag codladh amuigh⁸ anocht, is féidir leo an t-eolas⁹ sin a chur isteach chugainn faoi www.homelessdublin.ie.

¹ á thuar a dúradh

² coinníollachaí a dúradh

³ sruthannaí a dúradh

⁴ teochtannaí a dúradh

⁵ deacair a dúradh

⁶ le leagaint a dúradh

⁷ má bhfuil a dúradh

⁸ amach a dúradh

⁹ an eolas a dúradh

Peadar Mac Gaoithín

Tá sé róluath a rá go fóill an mbeidh ar scoltacha¹⁰ druidim, a dúirt an tAire Rialtais Áitiúil¹¹, Eoghan Murphy, ach deir Bus Éireann má bhíonn foláireamh aimsire dearg ann, nach mbeidh a gcuid seirbhísí iompair scoile ag feidhmiú. Mhol Donal Coleman, ón Roinn Talmhaíochta, d'fheirmeoirí a dhéanamh cinnte de go mbeidh foscadh ón ghaoth ag caoirigh agus ag uain óga, go leagtar grean ar chlós na feirme agus go mbeidh soláthar uisce ag beithígh.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

¹⁰ scoileanna an leagan caighdeánach

¹¹ An tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an teideal iomlán